



## CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Ceann amháin de sheacht n-institiúid AE is ea Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dhá chúirt dlí atá inti: an [Chúirt Bhreithiúnais](#) féin agus an [Chúirt Ghinearálta](#). Tá sí freagrach as dlínse an Aontais Eorpaigh. Cinntíonn na cúirteanna go léirmhínítear agus go gcuirtear i bhfeidhm i gceart dlí príomha agus tánaisteach an Aontais in AE. Déanann siad athbhreithniú ar dhlíthiúlacht gníomhartha institiúidí an Aontais agus déanann siad cinneadh an bhfuil a n-oibleagáidí comhlíonta ag Ballstáit faoin dlí príomha agus tánaisteach. Tugann an Chúirt Bhreithiúnais léirmhínte chomh maith ar dhlí an Aontais nuair a iarrann breithiúna náisiúnta uirthi déanamh amhlaidh.

### AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS

#### A. Bunús dlí

- Airteagal 19 den Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE), Airteagail 251 go 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), Airteagal 136 de Euratom, agus [Prótacal Uimh. 3 atá i gceangal leis na Conarthaí ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh](#) ('an Reacht' ina dhiaidh seo);
- [Rialachán \(AE, Euratom\) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh](#);
- Buiséad AE (Roinn 4).

#### B. Comhdhéanamh agus Reacht

##### 1. Ballraíocht

##### a. Líon comhaltaí (Airteagal 19 CAE agus Airteagal 252 CFAE)

Breitheamh amháin in aghaidh an Bhallstáit (28). Tugann ochtar abhcóidí ginearálta cúnaimh don Chúirt, agus féadfaidh an Chomhairle a líon siúd a mhéadú má iarrann an Chúirt amhlaidh. Toghann na Breithiúna ón gCúirt Bhreithiúnais Uachtarán agus Leas-Uachtarán as measc a gcomhaltaí féin ar feadh tréimhse in-athnuaite trí bliana.

##### b. Riachtanais (Airteagal 253 CFAE agus Airteagal 19 CAE)

- Ní mór na cáilíochtaí a bheith ag na breithiúna agus na habhcóidí ginearálta is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó iad a bheith ina ndlí-eolaithe a bhfuil a n-inniúlacht aitheanta.
- Ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.



**c.** Nós imeachta ceapacháin (Airteagal 253 CFAE)

Ceaptar na breithiúna agus na habhcóidí ginearálta de chomhthoil rialtais na mBallstát tar éis dóibh dul i gcomhairle le painéal a bhfuil an fhreagracht orthu oiriúnacht iarrthóirí a mheas (Airteagal 255 CFAE).

**2.** Tréithe na hoifige

**a.** Ré (Airteagal 253 CFAE agus An Reacht)

— Sé bliana. Athsholáthar i bpáirt gach trí bliana, déantar leath de na breithiúna agus de na habhcóidí ginearálta a athrú ar bhonn uainíochta.

D'fhéadfaí breithiúna agus abhcóidí ginearálta atá ag dul ar scor a cheapadh arís.

**b.** Pribhléidí agus díolúintí (An Reacht)

Tá díolúine ag breithiúna agus abhcóidí ginearálta ó imeachtaí dlí. Tar éis scor dá n-oifig dóibh, tá díolúine acu i gcónaí maidir le gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil. Ní féidir iad a chur as oifig ach amháin trí chinneadh d'aon toil na Cúirte.

**c.** Oibleagáidí (An Reacht)

Déanann breithiúna agus abhcóidí ginearálta na nithe seo a leanas:

- glacann siad mionn (ag mionnú go mbeidh siad neamhspleách, neamhchlaon agus go gcloífidh siad le rúndacht) sula dtugann siad faoina ndualgais;
- ní cheadaítear dóibh aon oifig pholaitiúil ná riaracháin a bheith acu, ná gabháil le haon ghairm eile;
- tugann siad gealltanas go n-urramóidh siad na hoibleagáidí a bheidh orthu de bharr na hoifige.

**C.** Eagar agus feidhmiú (Airteagal 253 CFAE agus An Reacht)

**1.** Leagan amach institiúideach

Ní mór Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith leagtha síos i bPrótacal faoi leith, atá i gceangal leis na Conarthaí (Airteagal 281 CFAE). Toghann an Chúirt a hUachtarán agus Leas-Uachtarán as measc a comhaltaí féin ar feadh tréimse in-athnuaithe trí bliana (Airteagal 9a de Phrótacal Uimh. 3). Treoraíonn an tUachtarán obair na Cúirte agus is é a bhíonn i gceannas ag éisteachtaí agus pléití na Cúirte iomláine nó an Mhór-Dhlísheomra. Cabhraíonn an Leas-Uachtarán leis an Uachtarán i bhfeidhmiú a chuid dualgas, agus tógann sé a áit nuair is gá. Ceapann an Chúirt a Cláraitheoir. Is é an Cláraitheoir ardrúnaí na hinstitiúide agus déanann sé bainistiú ar a rannóga faoi údarás Uachtaráin na Cúirte.

**2.** Feidhmiú

Bunaíonn an Chúirt a Rialacha Nós Imeachta, a bhfuil formheas ón gComhairle ag teastáil ina leith agus í ag feidhmiú trí thromlach cáilithe. D'fhéadfadh an Chúirt suí mar Chúirt iomlán le 28 mbreitheamh, i Mór-Dhlísheomra le 15 bhreitheamh nó i ndlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear breithiúna iontu. Maoinítear an institiúid ó Bhuiséad AE, a bhfuil a earnáil thiomnaithe féin aici (Roinn 4).



## D. A bhfuil bainte amach

Tá sé léirithe ag an gCúirt Bhreithiúnais go bhfuil sí ar thús cadhnaíochta ó thaobh phróiseas lánpháirtíochta na hEorpa.

### 1. Cleachtadh ginearálta

Bhain buntábhacht lena breithiúnas an 15 Iúil 1964 i gcás *Costa/Enel* i dtaobh dhlí an Chomhphobail Eorpaigh a shainiú mar chóras neamhspleách a bhfuil tosaíocht aige ar fhorálacha an dlí náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, bhunaigh a breithiúnas a tugadh an 5 Feabhra 1963 i gcás *Van Gend & Loos* an prionsabal go bhfuil dlí an Chomhphobail infheidhmithe go díreach i gcúirteanna na mBallstát. I measc na mbreithiúnas suntasach eile a bhaineann le cearta an duine a chosaint, áirítear breithiúnas an 14 Bealtaine 1974 i gcás *Nold*, inar shonraigh an Chúirt gur cuid lárnach iad cearta bunúsacha an duine de phrionsabail ghinearálta an dlí a seasann sí leo (4.1.2).

### 2. Maidir le nithe sonracha

- Ceart bunaíochta: breithiúnas an 8 Aibreán 1976 i gcás *Royer*, inar sheas an Chúirt le ceart náisiúnach Ballstáit cur faoi in aon Bhallstát eile gan spleáchas ar aon chead cónaithe arna eisiúint ag an tír óstach.
- Saorghluaiseacht earraí: breithiúnas an 20 Feabhra 1979 i gcás *Cassis de Dijon*, inar rialaigh an Chúirt nach mór go gceadófaí aon táirge a monaraíodh agus a cuireadh ar an margadh go dlíthiúil i mBallstát a chur ar mhargadh aon Bhallstáit eile.
- Dlínse seachtrach an Chomhphobail: breithiúnas AETR an 31 Márta 1971, i gcás Coimisiúin/Comhairle, inar aithníodh ceart an Chomhphobail comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích i réimsí ina bhfuil feidhm ag rialacháin an Chomhphobail.
- Breithiúnais a tugadh le gairid inar dearbhaíodh oibleagáid damáistí a ghearradh ar Bhallstáit a mhainnigh treoracha a thrasú sa dlí náisiúnta nó a mhainnigh déanamh amhlaidh go tráthúil.
- Breithiúnais éagsúla a bhaineann le slándáil shóisialta agus le hiomaíocht.
- Rialuithe maidir le sáruithe ar dhlí an Chomhphobail ag na Ballstáit, ar rialuithe iad atá fíorthábhachtach do réachtáil rianúil an chómhargaidh.

Ceann de mhórfhiúntais na Cúirte is ea an ráiteas prionsabail atá déanta aici nár cheart na Conarthaí a léirmhíniú go docht agus nach mór féachaint orthu i bhfianaise staid na lánpháirtíochta agus chuspóirí na gConarthaí iad féin. Rinne an prionsabal seo éascaíocht don Chomhphobal reachtaíocht a rith i réimsí nach bhfuil aon fhoráil shonrach Conartha ann dóibh, amhail an comhrac i gcoinne an truaillithe (i mbreithiúnas an 13 Meán Fómhair 2005 (Cás C-176/03), thug an Chúirt údarás don Aontas Eorpach bearta a ghlacadh a bhain leis an dlí coiriúil sa chás go raibh sé 'riachtanach' chun an cuspóir maidir le cosaint an chomhshaoil a shaothrú).

In 2018, tugadh 849 gcás os comhair na Cúirte Breithiúnais, lena n-áirítear 568 n-imeacht um réamhrialú, 63 ghníomh dhíreacha agus 199 n-achomharc i gcoinne



bhreitheanna na Cúirte Ginearálta. Tugadh i gcrích 760 cás, lena n-áirítear 520 imeacht um réamhrialú, 60 gníomh díreach agus 165 achomharc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta.

## AN CHÚIRT GHINEARÁLTA

### A. Bunús dlí

Airteagail 254 go 257 CFAE, Airteagal 40 Euratom, agus Teideal IV de Phrótocal Uimh. 3 atá i gceangal leis na Conarthaí ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

### B. Ré agus an Reacht (Airteagal 254 CFAE)

#### 1. Ballraíocht

##### a. Líon Comhaltaí (Airteagal 19 CAE, Airteagal 254 CFAE)

Foráiltear le hAirteagal 254 CFAE gurb é Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chinnfidh líon na mbreithiúna. [Foráiltear le hAirteagal 48 de Phrótocal Uimh. 3 ar an Reacht seo, a leasaíodh go deireanach le Rialachán \(AE, Euratom\) 2016/1192 an 6 Iúil 2016](#), go mbeidh an Chúirt Ghinearálta comhdhéanta de 47 mbreitheamh ón 1 Meán Fómhair 2016, agus de bheirt bhreithiúna in aghaidh an Bhallstáit ón 1 Meán Fómhair 2019. Ceaptar breithiúna le comhthoil rialtais na mBallstát tar éis dul i gcomhairle le painéal a bhfuil an fhreagracht air tuairim a thabhairt maidir le hoiriúnacht breithimh dualgais bhreithiúna a chomhlíonadh. Tá téarma oifige sé bliana acu, agus tá an téarma sin inathnuaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar na breithiúna cúram an Abhcóide Ghinearálta a chomhlíonadh, mar, murab ionann agus an Chúirt Bhreithiúnais, níl abhcóidí ginearálta ag an gCúirt Ginearálta.

##### b. Riachtanais

Mar a chéile leo siúd atá ag an gCúirt Bhreithiúnais (Airteagal 19 CAE).

##### c. Nós imeachta ceapacháin

Mar a chéile leis sin atá ag an gCúirt Bhreithiúnais.

#### 2. Tréithe na hoifige

Mar a chéile leis sin atá ag an gCúirt Bhreithiúnais.

### C. Eagar agus feidhmiú

Ceapann na breithiúna a nUachtarán as a líon féin ar feadh tréimhse trí bliana agus a gCláraitheoir ar feadh téarma oifige sé bliana, bíodh is go n-úsáideann an Chúirt seirbhísí na Cúirte Breithiúnais le haghaidh a riachtanas riaracháin agus teanga.

I gcomhaontú leis an gCúirt Bhreithiúnais, bunaíonn an Chúirt Ginearálta a [Rialacha Nós Imeachta](#). Suíonn an Chúirt i ndlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear breithiúna iontu. Is faoina Rialacha Nós Imeachta a chinntear cén uair a shuíonn an Chúirt Ghinearálta mar Chúirt iomlán nó mar Mhór-Dhlísheomra nó nuair nach mbíonn ach breitheamh amháin ina shuí sa chúirt. Éistear níos mó ná 80% de na cásanna a thugtar os comhair na Cúirte Ginearálta i ndlísheomra a bhfuil triúr breithiúna ann. Féadfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle, agus iad ag gníomhú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (trí bhíthin rialacháin ar thogra ón gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin ag an gCúirt Bhreithiúnais



tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún), cúirteanna speisialaithe atá ceangailte leis an gCúirt Ghinearálta a bhunú chun catagóirí áirithe caingne nó imeachtaí a thógtar i réimsí sonracha a éisteacht agus a chinneadh ag an gcéad chéim, e.g. bunú cúirte speisialaithe nua le haghaidh trádmarcanna, múnlaí agus dearthaí, a bhfuiltear á plé faoi láthair.

In 2018, tugadh 834 chás os comhair na Cúirte Ginearálta agus tugadh i gcrích 1 009 gcás. Féadfaidh páirtí, nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas costais na n-imeachtaí a sheasamh, cur isteach ar chúnamh dlí saor in aisce.

## **AN T-IAR-BHINSE UM SHEIRBHÍS SHIBHIALTA AN AONTAIS EORPAIGH**

Bhíodh Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh in 2004, freagrach as rialú a dhéanamh ar dhíospóidí idir institiúidí AE agus a bhfoireann, ar díospóidí iad nach raibh freagracht ag cúirt náisiúnta ina leith. Nuair a méadaíodh líon iomlán na mbreithiúna sa Chúirt Bhreithiúnais, díscáileadh an Binse um Sheirbhís Shibhialta an 1 Meán Fómhair 2016 agus tugadh isteach sa Cúirt Ghinearálta é le [Rialachán \(AE, Euratom\) 2016/1192 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le dlínse ag an gcéad chéim a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta i ndíospóidí idir an tAontas Eorpach agus a sheirbhísigh](#). Aistríodh cásanna a bhí ar feitheamh os comhair an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an 31 Lúnasa 2016 chuig an gCúirt Ghinearálta le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2016. Leanann an Chúirt Ghinearálta de bheith ag déileáil leis na cásanna sin mar a fuair sí iad amhail an dáta sin, agus tá feidhm i gcónaí ag na céimeanna nós imeachta a thóg an Binse um Sheirbhís Shibhialta mar a bhí.

## **RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA**

Chomh luath le 1990, thug rialú Cúirte ar chás a thóg an Parlaimint mar chuid den nós imeachta reachtach maidir le bearta sláinte a bhí le glacadh tar éis tionóisc núicléach Chernobyl an ceart don Parlaimint caingne a thabhairt os comhair na Cúirte chun dearbhú a fháil go bhfuil cinntí curtha ar neamhní chun críche a sainphribhléidí a chosaint faoin nós imeachta reachtach.

De réir Airteagal 257 CFAE, féadfaidh an Parlaimint agus an Chomhairle, agus iad ag gníomhú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, cúirteanna speisialaithe atá ceangailte leis an gCúirt Ghinearálta a bhunú chun éisteacht le haicmí áirithe caingne nó imeachtaí arna dtógáil i réimsí sonracha agus iad a chinneadh. Bíonn ar an bParlaimint agus ar an gComhairle gníomhú trí bhíthin rialachán ar thogra ón gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin ag an gCúirt Bhreithiúnais tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

De réir Airteagal 281 CFAE, leasaíonn an Parlaimint agus an Chomhairle [Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh](#), agus iad ag gníomhú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (i bhfoirm Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle). Sampla den rannpháirtíocht seo ó thaobh Parlaimint na hEorpa de is ea [an togra ón gCúirt féin le déanaí](#), dar dáta an 26 Márta 2018, chun a Reacht a leasú: baineann sé leis an bhféidearthacht go ndéanfaí athruithe áirithe ar dheighilt an



dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta a mhéid a bhaineann le réamhrialuithe.

Is í an Pharlaimint ceann amháin de na hinstiúidí a luaitear in Airteagal 263 CFAE a fhéadfaidh caingean a thionscnamh (mar pháirtí) os comhair na Cúirte.

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, déanann painéal a bhfuil seachtar air breithmheas ar dtús ar iarrthóirí don phost mar Bhreitheamh agus mar Abhcóide Ginearálta, agus is í an Pharlaimint a mholann duine amháin den seachtar sin (Airteagal 255 CFAE).

Udo Bux  
05/2019

